# RIALACHÁN (AE) 2021/1881 ÓN gCOIMISIÚN

**an 26 Deireadh Fómhair 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar imíodaclóipride i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás imíodaclóipride, leagadh síos uasleibhéil iarmhar (MRLanna) in Iarscríbhinn III, Cuid A, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) I gcás imíodaclóipride agus i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([2]), chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairim réasúnaithe isteach maidir leis an athbhreithniú ar na MRLanna atá ann cheana. Mhol an tÚdarás an sainmhíniú ar iarmhair a leagan síos mar imíodaclóiprid agus mar sin amháin. D'aithin sé riosca do thomhaltóirí maidir leis na MRLanna le haghaidh searbháin muc. Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL sin a laghdú go dtí an teorainn shonrach chinnidh (LOD). Mhol an tÚdarás na MRLanna a laghdú le haghaidh cnónna peacáin, bananaí, trátaí, piobair mhilse/piobair chloigíneacha, ubhthorthaí, cúcamar, gircíní, cúirséad agus táirgí de bhunadh ainmhíoch. Ba cheart MRLanna na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás.

(3) Maidir leis na MRLanna le haghaidh torthaí citris, fíonchaor, fraochán, mónóg, ocra, guird a bhfuil craiceann do-ite acu, pónairí (iad a bhfuil faighneoga acu agus iad gan faighneoga), piseanna (iad a bhfuil faighneoga acu agus iad gan faighneoga), pónairí, piseanna talún, pónairí caife agus leannlusanna, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh roinnt faisnéise ann fúthu nach raibh ar fáil agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart MRLanna na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás. Déanfar athbhreithniú ar na MRLanna sin; cuirfear san áireamh san athbhreithniú sin an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 1 bhliain amháin ó dháta foilsithe an Rialacháin seo.

(4) Na huasteorainneacha iarmhar Codex (CXLanna) atá ann cheana, cuireadh san áireamh iad i dtuairimí réasúnaithe an Údaráis. Maidir leis na CXLanna, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil siad comhoiriúnach do shainmhíniú an Aontais ar iarmhair agus mhol sé gan na CXLanna atá ann cheana a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna sin a leagan síos ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás.

(5) A mhéid a bhaineann le táirgí ar ina leith nach n-údaraítear úsáid an táirge cosanta plandaí agus nach bhfuil aon lamháltas i dtaca le hallmhairiú ná aon CXL ann ina leith, ba cheart MRLanna a leagan síos ag an LOD sonrach nó ag MRL réamhshocraithe, mar a fhoráiltear in Airteagal 18(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for imidacloprid according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás imíodaclóipride de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2019;17(1):5570.

(6) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá le teorannacha cinnidh áirithe a oiriúnú. Tháinig na saotharlanna sin ar an gconclúid gur ghá LODanna sonracha a leagan síos le haghaidh forbairt theicniúil tráchtearraí áirithe.

(7) Ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe ón Údarás agus na tosca a bhaineann leis an ábhar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air á gcur san áireamh, comhlíontar ceanglais Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 leis na modhnuithe iomchuí atá á mbeartú ar na MRLanna.

(8) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir le MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh na tuairimí uathu san áireamh.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(10) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, ba cheart go bhforálfaí leis an Rialachán seo maidir le socrú idirthréimhseach i gcás táirgí atá táirgthe sula modhnaítear na MRLanna agus ar ina leith a léiríonn an fhaisnéis go gcoinnítear leibhéal ard cosanta don tomhaltóir.

(11) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.

(12) Chuaigh an formheas na himíodaclóipride in éag an 1 Nollaig 2020 ([3]). Aon tréimhse cairde a d'fhéadfadh a bheith deonaithe ag na Ballstáit, rachaidh sí in éag an 1 Meitheamh 2022. Tá sé beartaithe go ndéanfar athbhreithniú eile ar na huasleibhéil iarmhar tar éis an dáta sin.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

A mhéid a bhaineann leis an tsubstaint ghníomhach imíodaclóiprid, leanfaidh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo agus beidh feidhm aige maidir le táirgí a táirgeadh san Aontas nó a allmhairíodh isteach san Aontas roimh an 16 Bealtaine 2022.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Bealtaine 2022.

([3]) IO L 370, 6.11.2020, lgh. 18-20.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear an colún seo a leanas le haghaidh imíodaclóipride léi:

**"Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)**

| **Cód uimhir** | **Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo** ([a]) | **Imíodaclóiprid** |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| 0100000 | **TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN** | |
| 0110000 | **Torthaí citris** | **0,9**(+) |
| 0110010 | Seadóga | (+) |
| 0110020 | Oráistí | (+) |
| 0110030 | Líomóidí | (+) |
| 0110040 | Líomaí | (+) |
| 0110050 | Mandairíní | (+) |
| 0110990 | Eile (2) | (+) |
| 0120000 | **Cnónna crann** | **0,01** (*) |
| 0120010 | Almóinní | |
| 0120020 | Cnónna Brasaíleacha | |
| 0120030 | Cnónna caisiú | |
| 0120040 | Castáin | |
| 0120050 | Cnónna cócó | |
| 0120060 | Cnónna coill | |
| 0120070 | Macadaimia | |
| 0120080 | Cnónna peacáin | |
| 0120090 | Eithní cnónna péine | |
| 0120100 | Cnónna pistéise | |
| 0120110 | Gallchnónna | |
| 0120990 | Eile (2) | |
| 0130000 | **Torthaí póma** | **0,01** (*) |
| 0130010 | Úlla | |
| 0130020 | Piorraí | |
| 0130030 | Cainchí | |
| 0130040 | Torthaí ón meispeal Gearmánach | |
| 0130050 | Locuatanna | |
| 0130990 | Eile (2) | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0140000 | **Torthaí cloiche** | **0,01** (*) |
| 0140010 | Aibreoga | |
| 0140020 | Silíní (iad milis) | |
| 0140030 | Péitseoga | |
| 0140040 | Plumaí | |
| 0140990 | Eile (2) | |
| 0150000 | **Caora agus torthaí beaga** | |
| 0151000 | **(a) fíonchaora** | **0,7(+)** |
| 0151010 | Fíonchaora boird | **(+)** |
| 0151020 | Fíniúnacha coiteanna | **(+)** |
| 0152000 | **(b) sútha talún** | **0,01** (*) |
| 0153000 | **(c) torthaí cána** | **0,01** (*) |
| 0153010 | Sméara dubha | |
| 0153020 | Eithreoga | |
| 0153030 | Sútha craobh (iad dearg agus buí) | |
| 0153990 | Eile (2) | |
| 0154000 | **(d) torthaí beaga eile agus caora eile** | |
| 0154010 | Fraocháin | 5(+) |
| 0154020 | Mónóga | **5(+)** |
| 0154030 | Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán) | **0,01** (*) |
| 0154040 | Spíonáin (iad glas, dearg agus buí) | **0,01** (*) |
| 0154050 | Mogóirí róis | **0,01** (*) |
| 0154060 | Maoildearga (iad dubh agus bán) | **0,01** (*) |
| 0154070 | Torthaí ón sceach gheal asaróil | **0,01** (*) |
| 0154080 | Caora troim | **0,01** (*) |
| 0154990 | Eile (2) | **0,01** (*) |
| 0160000 | **Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil** | **0,01** (*) |
| 0161000 | **(a) craiceann inite** | |
| 0161010 | Dátaí | |
| 0161020 | Figí | |
| 0161030 | Ológa boird | |
| 0161040 | Cumcuait | |
| 0161050 | Torthaí réaltúla | |
| 0161060 | Dátphlumaí Seapánacha | |
| 0161070 | Plumaí láva | |
| 0161990 | Eile (2) | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0162000 | **(b) craiceann do-ite, é beag** | |
| 0162010 | Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí) | |
| 0162020 | Lítsíonna | |
| 0162030 | Páiseoga | |
| 0162040 | Piorraí deilgneacha | |
| 0162050 | Réalt-úlla | |
| 0162060 | Dátphlumaí Meiriceánacha | |
| 0162990 | Eile (2) | |
| 0163000 | **(c) craiceann do-ite, é mór** | |
| 0163010 | Abhacáid | |
| 0163020 | Bananaí | |
| 0163030 | Mangónna | |
| 0163040 | Papánna | |
| 0163050 | Pomagránaití | |
| 0163060 | Céiriomoighe | |
| 0163070 | Guábhaí | |
| 0163080 | Anainn | |
| 0163090 | Torthaí aráin | |
| 0163100 | Duraígh | |
| 0163110 | Úlla deilgneacha | |
| 0163990 | Eile (2) | |
| 0200000 | **GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE** | |
| 0210000 | **Glasraí fréimhe agus tiúbair** | **0,01** (*) |
| 0211000 | **(a) prátaí** | |
| 0212000 | **(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha** | |
| 0212010 | Casabhaigh | |
| 0212020 | Prátaí milse | |
| 0212030 | Ionaim | |
| 0212040 | Ararút | |
| 0212990 | Eile (2) | |
| 0213000 | **(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra** | |
| 0213010 | Meacain bhiatais | |
| 0213020 | Meacain dhearga | |
| 0213030 | Soiliriac/soilire tornapa | |
| 0213040 | Meacain ragaim | |
| 0213050 | Bliosáin ghréine | |
| 0213060 | Meacain bhána | |
| 0213070 | Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg | |
| 0213080 | Raidisí | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0213090 | Salsabh | |
| 0213100 | Svaeideanna | |
| 0213110 | Tornapaí | |
| 0213990 | Eile (2) | |
| 0220000 | **Glasraí bleibíní** | **0,01** (*) |
| 0220010 | Gairleog | |
| 0220020 | Oinniúin | |
| 0220030 | Seallóidí | |
| 0220040 | Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil | |
| 0220990 | Eile (2) | |
| 0230000 | **Glasraí a thugann torthaí** | |
| 0231000 | **(a) Solanaceae agus Malvaceae** | |
| 0231010 | Trátaí | **0,3** |
| 0231020 | Piobair | **0,9** |
| 0231030 | Ubhthorthaí | **0,3** |
| 0231040 | Ocra | 0,5(+) |
| 0231990 | Eile (2) | **0,01** (*) |
| 0232000 | **(b) guird a bhfuil craiceann inite acu** | |
| 0232010 | Cúcamair | **0,5** |
| 0232020 | Gircíní | **0,4** |
| 0232030 | Cúirséid | **0,4** |
| 0232990 | Eile (2) | **0,01** (*) |
| 0233000 | **(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu** | **0,15**(+) |
| 0233010 | Mealbhacáin | (+) |
| 0233020 | Puimcíní | (+) |
| 0233030 | Mealbhacáin uisce | (+) |
| 0233990 | Eile (2) | (+) |
| 0234000 | **(d) arbhar milis** | **0,01** (*) |
| 0239000 | **(e) glasraí eile a thugann torthaí** | **0,01** (*) |
| 0240000 | **Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)** | **0,01** (*) |
| 0241000 | **(a) praiseach bhlátha** | |
| 0241010 | Brocailí | |
| 0241020 | Cóilis | |
| 0241990 | Eile (2) | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0242000 | **(b) praiseach chinn** | |
| 0242010 | Bachlóga Bruiséile | |
| 0242020 | Cabáistí cinn | |
| 0242990 | Eile (2) | |
| 0243000 | **(c) praiseach dhuilleach** | |
| 0243010 | Cabáistí Síneacha | |
| 0243020 | Cáil | |
| 0243990 | Eile (2) | |
| 0244000 | **(d) cálráibí** | |
| 0250000 | **Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite** | |
| 0251000 | **(a) leitísí agus plandaí sailéid** | **0,01** (*) |
| 0251010 | Ceathrúna uain | |
| 0251020 | Leitísí | |
| 0251030 | Searbháin muc | |
| 0251040 | Biolair agus eascróga agus peacáin eile | |
| 0251050 | Biolair thalún | |
| 0251060 | Roicéad Rómánach/rucola | |
| 0251070 | Mustard dearg | |
| 0251080 | Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí) | |
| 0251990 | Eile (2) | |
| 0252000 | **(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla** | **0,01** (*) |
| 0252010 | Spionáistí | |
| 0252020 | Puirsleáin | |
| 0252030 | Seardas/duilleoga biatais | |
| 0252990 | Eile (2) | |
| 0253000 | **(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla** | **0,01** (*) |
| 0254000 | **(d) biolair uisce** | **0,01** (*) |
| 0255000 | **(e) sreabháin na Beilge** | **0,01** (*) |
| 0256000 | **(f) luibheanna agus bláthanna inite** | **0,05** (*) |
| 0256010 | Costóg | |
| 0256020 | Síobhas | |
| 0256030 | Duilleoga soilire | |
| 0256040 | Peirsil | |
| 0256050 | Sáiste | |
| 0256060 | Marós | |
| 0256070 | Tím | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0256080 | Basal agus bláthanna inite | |
| 0256090 | Duilleog labhrais | |
| 0256100 | Dragan | |
| 0256990 | Eile (2) | |
| 0260000 | **Léagúim** | |
| 0260010 | Pónairí (a bhfuil faighneoga acu) | **5(+)** |
| 0260020 | Pónairí (gan faighneoga) | 2(+) |
| 0260030 | Piseanna (a bhfuil faighneoga acu) | 5(+) |
| 0260040 | Piseanna (gan faighneoga) | 2(+) |
| 0260050 | Lintilí | **0,01** (*) |
| 0260990 | Eile (2) | **0,01** (*) |
| 0270000 | **Glasraí gais** | **0,01** (*) |
| 0270010 | Lus súgach | |
| 0270020 | Cardúin | |
| 0270030 | Soilirí | |
| 0270040 | Finéal Fhlórans | |
| 0270050 | Bliosáin chruinne | |
| 0270060 | Cainneanna | |
| 0270070 | Biabhóg | |
| 0270080 | Péacáin bhambú | |
| 0270090 | Croíthe pailme | |
| 0270990 | Eile (2) | |
| 0280000 | **Fungais, caonaigh agus léicin** | **0,01** (*) |
| 0280010 | Fungais shaothraithe | |
| 0280020 | Fungais fhiáine | |
| 0280990 | Caonaigh agus léicin | |
| 0290000 | **Algaí agus orgánaigh phrócaróit** | **0,01** (*) |
| 0300000 | **PISEÁNAIGH** | |
| 0300010 | Pónairí | 2(+) |
| 0300020 | Lintilí | **0,01** (*) |
| 0300030 | Piseanna | **0,01** (*) |
| 0300040 | Lúipíní/pónairí lúipíní | **0,01** (*) |
| 0300990 | Eile (2) | **0,01** (*) |
| 0400000 | **OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ** | |
| 0401000 | **Olashíolta** | |
| 0401010 | Ros lín | **0,01** (*) |
| 0401020 | Piseanna talún | **0,5(+)** |
| 0401030 | Síolta poipín | **0,01** (*) |
| 0401040 | Síolta seasamain | **0,01** (*) |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0401050 | Síolta lus na gréine | **0,01** (*) |
| 0401060 | Síolta ráibe | **0,01** (*) |
| 0401070 | Pónairí soighe | **0,01** (*) |
| 0401080 | Síolta mustaird | **0,01** (*) |
| 0401090 | Síolta cadáis | **0,01** (*) |
| 0401100 | Síolta puimcín | **0,01** (*) |
| 0401110 | Síolta cróch bréige | **0,01** (*) |
| 0401120 | Síolta borráiste | **0,01** (*) |
| 0401130 | Caimilín | **0,01** (*) |
| 0401140 | Síolta cnáibe | **0,01** (*) |
| 0401150 | Pónairí ricne | **0,01** (*) |
| 0401990 | Eile (2) | **0,01** (*) |
| 0402000 | **Olathorthaí** | **0,01** (*) |
| 0402010 | Ológa le haghaidh táirgeadh ola | |
| 0402020 | Eithní pailme ola | |
| 0402030 | Torthaí pailme oila | |
| 0402040 | Capac | |
| 0402990 | Eile (2) | |
| 0500000 | **GRÁNAIGH** | **0,01** (*) |
| 0500010 | Eorna | |
| 0500020 | Ruán agus bréag-ghránaigh eile | |
| 0500030 | Arbhar Indiach/arbhar | |
| 0500040 | Muiléad coiteann | |
| 0500050 | Coirce | |
| 0500060 | Rís | |
| 0500070 | Seagal | |
| 0500080 | Sorgam | |
| 0500090 | Cruithneacht | |
| 0500990 | Eile (2) | |
| 0600000 | **TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB** | |
| 0610000 | **Taenna** | 0,05 (*) |
| 0620000 | **Pónairí caife** | 1(+) |
| 0630000 | **Insiltí luibhe ó** | 0,05 (*) |
| 0631000 | **(a) bláthanna** | |
| 0631010 | Camán meall | |
| 0631020 | Roiseog | |
| 0631030 | Rós | |
| 0631040 | Seasmain | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0631050 | Teile | |
| 0631990 | Eile (2) | |
| 0632000 | **(b) duilleoga agus luibheanna** | |
| 0632010 | Sú talún | |
| 0632020 | Rooibos | |
| 0632030 | Maité | |
| 0632990 | Eile (2) | |
| 0633000 | **(c) fréamhacha** | |
| 0633010 | Caorthann corraigh | |
| 0633020 | Ginsing | |
| 0633990 | Eile (2) | |
| 0639000 | **(d) aon chuid eile den phlanda** | |
| 0640000 | **Pónairí cócó** | 0,05 (*) |
| 0650000 | **Carúib** | 0,05 (*) |
| 0700000 | **LEANNLUSANNA** | **15(+)** |
| 0800000 | **SPÍOSRAÍ** | |
| 0810000 | **Spíosraí ó shíolta** | 0,05 (*) |
| 0810010 | Ainís | |
| 0810020 | Calaindí | |
| 0810030 | Soilire | |
| 0810040 | Lus an choire | |
| 0810050 | Cuimín | |
| 0810060 | Lus mín | |
| 0810070 | Finéal | |
| 0810080 | Feinigréag | |
| 0810090 | Noitmig | |
| 0810990 | Eile (2) | |
| 0820000 | **Spíosraí ó thorthaí** | 0,05 (*) |
| 0820010 | Ilspíosra/pimeantó | |
| 0820020 | Piobar Szechuan | |
| 0820030 | Cearbhas | |
| 0820040 | Cardamam | |
| 0820050 | Caor aitil | |
| 0820060 | Piobarchaor (í dubh, glas agus bán) | |
| 0820070 | Fanaile | |
| 0820080 | Tamarain | |
| 0820990 | Eile (2) | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 0830000 | **Spíosraí ó choirt** | 0,05 (*) |
| 0830010 | Cainéal | |
| 0830990 | Eile (2) | |
| 0840000 | **Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm** | |
| 0840010 | Liocras | 0,05 (*) |
| 0840020 | Sinséar (10) | |
| 0840030 | Tuirmiric/curcuma | 0,05 (*) |
| 0840040 | Meacain ragaim (11) | (+) |
| 0840990 | Eile (2) | 0,05 (*) |
| 0850000 | **Spíosraí ón mbachlóg** | 0,05 (*) |
| 0850010 | Clóibh | |
| 0850020 | Caprais | |
| 0850990 | Eile (2) | |
| 0860000 | **Spíosraí ó phistil bláthanna** | 0,05 (*) |
| 0860010 | Cróch | |
| 0860990 | Eile (2) | |
| 0870000 | **Spíosraí arail** | 0,05 (*) |
| 0870010 | Maicis | |
| 0870990 | Eile (2) | |
| 0900000 | **PLANDAÍ SIÚCRA** | **0,01** (*) |
| 0900010 | Fréamhacha biatas siúcra | |
| 0900020 | Cánaí siúcra | |
| 0900030 | Fréamhacha siocaire | |
| 0900990 | Eile (2) | |
| 1000000 | **TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN** | |
| 1010000 | **Tráchtearraí ó** | **0,01** (*) |
| 1011000 | **(a) mucra** | |
| 1011010 | Matán | |
| 1011020 | Saill | |
| 1011030 | An t-ae | |
| 1011040 | An duán | |
| 1011050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | |
| 1011990 | Eile (2) | |
| 1012000 | **(b) bó-ainmhí** | |
| 1012010 | Matán | |
| 1012020 | Saill | |
| 1012030 | An t-ae | |
| 1012040 | An duán | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 1012050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | |
| 1012990 | Eile (2) | |
| 1013000 | **(c) caoraigh** | |
| 1013010 | Matán | |
| 1013020 | Saill | |
| 1013030 | An t-ae | |
| 1013040 | An duán | |
| 1013050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | |
| 1013990 | Eile (2) | |
| 1014000 | **(d) gabhar** | |
| 1014010 | Matán | |
| 1014020 | Saill | |
| 1014030 | An t-ae | |
| 1014040 | An duán | |
| 1014050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | |
| 1014990 | Eile (2) | |
| 1015000 | **(e) eachaí** | |
| 1015010 | Matán | |
| 1015020 | Saill | |
| 1015030 | An t-ae | |
| 1015040 | An duán | |
| 1015050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | |
| 1015990 | Eile (2) | |
| 1016000 | **(f) éanlaith chlóis** | |
| 1016010 | Matán | |
| 1016020 | Saill | |
| 1016030 | An t-ae | |
| 1016040 | An duán | |
| 1016050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | |
| 1016990 | Eile (2) | |
| 1017000 | **(g) ainmhithe talún feirme eile** | |
| 1017010 | Matán | |
| 1017020 | Saill | |
| 1017030 | An t-ae | |
| 1017040 | An duán | |
| 1017050 | Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán) | |
| 1017990 | Eile (2) | |

| (1) | (2) | (3) |
|---|---|---|
| 1020000 | **Bainne** | **0,01** (*) |
| 1020010 | Eallach | |
| 1020020 | Caoirigh | |
| 1020030 | Gabhar | |
| 1020040 | Capall | |
| 1020990 | Eile (2) | |
| 1030000 | **Uibheacha éan** | **0,01** (*) |
| 1030010 | An chearc | |
| 1030020 | Lacha | |
| 1030030 | Géanna | |
| 1030040 | Gearg | |
| 1030990 | Eile (2) | |
| 1040000 | **Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)** | 0,05 (*) |
| 1050000 | **Débheathaigh agus Reiptílí** | **0,01** (*) |
| 1060000 | **Ainmhithe inveirteabracha talún** | **0,01** (*) |
| 1070000 | **Ainmhithe veirteabracha talún fiáine** | **0,01** (*) |
| 1100000 | **TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)** | |
| 1200000 | **TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)** | |
| 1300000 | **TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)** | |

(*) teorainn cinnidh anailísigh níos ísle

([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

## Imíodaclóiprid

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha ar iarmhair agus faoi mhodhanna anailíseacha agus/nó deimhniúcháin sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 27 Deireadh Fómhair 2022, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

**0620000 Pónairí caife**

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 27 Deireadh Fómhair 2022, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

**0110000 Torthaí citris**
**0110010 Seadóga**
**0110020 Oráistí**
**0110030 Líomóidí**
**0110040 Líomaí**
**0110050 Mandairíní**
**0110990 Eile (2)**
**0151000 (a) fíonchaora**
**0151010 Fíonchaora boird**

**0151020 Fíniúnacha coiteanna**
**0154010 Fraocháin**
**0154020 Monóga**
**0231040 Ocra**
**0233000 (c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu**
**0233010 Mealbhacáin**
**0233020 Puimcíní**
**0233030 Mealbhacáin uisce**
**0233990 Eile (2)**
**0260010 Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)**
**0260020 Pónairí (gan faighneoga)**
**0260030 Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)**
**0260040 Piseanna (gan faighneoga)**
**0300010 Pónairí**
**0401020 Piseanna talún**
**0700000 LEANNLUSANNA**

An t-uasleibhéal iarmhar is infheidhme maidir le meacan ragaim (Armoracia rusticana) sa ghrúpa spíosraí (cód 0840040), is é sin an t-uasleibhéal iarmhar céanna a leagtar síos le haghaidh meacan ragaim (Armoracia rusticana) sa chatagóir Glasraí, grúpa na nglasraí fréimhe agus tiúbair (cód 0213040), agus na hathruithe ar na leibhéil trína bpróiseáil (triomú) á gcur san áireamh de réir Airt. 20 (1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

**0840040 Meacan ragaim (11)"**

(2) in Iarscríbhinn III, Cuid A, scriostar an colún le haghaidh imíodaclóipride.